


# Caithfidh Buíon na hEagla fanacht sa bhaile


Tá cóipcheart ar charachtair, íomhánna agus scéalta
Bhuíon na hEagla.
Tá an t-údar agus an t-ealaíontóir ag cur an scéil
seo ar fáil mar acmhainn saor in aisce do pháistí
mar fhreagairt ar Covid-19.

Níl sé ceadmhach athghiniúint trádálach a
dhéanamh ar an leabhar seo.
Tá an t-eolas sa leabhar bunaithe
ar threoracha reatha Covid-19
rialtas UK 3ú Aibreán 2020.


Féach
**wwww.sensoryattachmentintervention.com**
chun tuilleadh eolais a fháil ar an sraith Buíon na hEagla.




Caithfidh Buíon na hEagla
fanacht sa bhaile.




Ní féidir leo dul ar scoil.





Ní féidir leo dul go dtí an pháirc
nó sugradh lena gcairde...



...nó dul go teach a Mamó 's Daideo.


The Scared Gang 2020 ©




'Sé an fáth ná go bhfuil frídín beag bídeach ar a dtugtar Covid 19 ag taistil ar fud na cruinne.

Gach áit a théann sé cuireann sé daoine áirithe ag mothú go h-an te, tugann sé droch-chasacht agus ceann tinn dóibh.


Tá fios ag Buíon na hEagla mar a mhothaíonn an fliú, agus mar sin tá siad cinnte nach bhfuil an rud seo de dhith orthu.



Tá an frídín chomh bídeach nach féidir é a fheiceáil, a mhothú, a bholadh, a bhlaiseadh nó a chuinstin.




Bhí Buíon na hEagla imníoch faoi mar a stopfadh siad an frídín ó theacht chucu.




Dúirt an Dochtúir leo gan a bheith imníoch mar go raibh an freagra an-shimplí.

# Níl le déanamh acu ach TRÍ rud.


1. Caithfidh sibh fanacht sa bhaile anois beag.

2. Caithfidh sibh bhur lámha a nigh go minic.


3. Bíodh sult is spórt agaibh!




D’fhiafraigh Buíon na hEagla cé’n fáth go raibh orthu fanacht sa bhaile?





D’inis an Dochtúir dóibh go dtéann an frídín ó dhuine go duine,




agus mar sin má fhanann gach duine sa bhaile ní bheidh an frídín ábalta sin a dhéanamh.



Dúirt an Dochtúir chomh maith gur féidir leo dul amach lena muintir,




ach fanacht scartha
ó dhaoine eile.

D’fhiafraigh Buíon na hEagla
di cén dóigh a choinníonn lámha
nite slán thú?

Thaispeáin an Dochtúir dóibh
mar is gráin leis na frídíní an
ghallúnach agus, déanta na
fírinne, theitheann siad
ó ghallunach.




D'inis sí dóibh a iarraidh ar dhuine fásta sa bhaile báisín uisce a fháil




agus ansin roinnt piobair a spréach
ar an uisce.




D’iarr sí ar Bhuíon na hEagla a méaranna a thumadh i ngallúnach agus ansin iad a chur san uisce.

The Scared Gang 2020 ©



Níor chreid Buíon na hEagla cad a tharla. Ghluais an piobar ón ghallúnach!




Dúirt an Dochtúir go dtarlaíonn sin do frídíní nuair a nigheann tú do lámha...

D’fhiafraigh siad cén fáth go raibh sé tábhachtach spórt a bheith acu?

D’inis an Dochtúir dóibh go gcoinníonn greann agus sonas folláin thú.




Éiríonn tú láidir ag déanamh rudaí sultmhara, suimiúla.



Thaitin an scéala seo go mór le Buíon na hEagla. Is grá leo an greann!

Níl eagla ar bith ar Bhuíon na hEagla níos mó, mar má dhéanann siad an 3 rud simplí :

1. Fan sa bhaile anois beag
2. Nigh do lámha go minic
3. Biodh sult is spórt agaibh!

beidh siad slán, sláintiúil agus, thar rud ar bith eile, sona.

scríofa ag
Éadaoin Bhreathnach

maisithe ag
Sighle Bhreathnach-Cashell

aistrithe ag
Tom Clarke